RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1421 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Iúil 2023

lena bhformheastar dé-ocsaíd sulfair a scaoiltear ó mheitidhéshuilfít sóidiam mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 9 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(1), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 2 Nollaig 2013, fuair an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') iarratas, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, Airteagal 7(1), ar fhormheas dé-ocsaíde sulfair a scaoiltear ó mheitidhéshuilfít sóidiam mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 9, leasaithigh snáithíní, leathair, rubair agus ábhar polaiméirithe, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Is é údarás inniúil na Gearmáine ('an t-údarás inniúil meastóireachta') a rinne meastóireacht ar an iarratas sin.

(2) An 22 Eanáir 2018, chuir an t-údarás inniúil meastóireachta an tuarascáil mheasúnaithe maidir leis an iarratas mar aon le conclúidí a mheastóireachta féin faoi bhráid na Gníomhaireachta. Phléigh an Ghníomhaireacht an tuarascáil mheasúnaithe ag cruinnithe teicniúla.

(3) I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, Airteagal 75(1), an dara fomhír, pointe (a), ullmhaíonn an Coiste um Tháirgí Bithicídeacha an tuairim ón nGníomhaireacht maidir leis na hiarratais ar fhormheas substaintí gníomhacha. An 26 Meán Fómhair 2022, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 528/2012, Airteagal 8(4), ghlac an Coiste um Tháirgí Bithicídeacha an tuairim ón nGníomhaireacht ([2]), ag féachaint do chonclúidí an údaráis inniúil mheastóireachta.

(4) Sa tuairim uaithi, is é conclúid na Gníomhaireachta go bhféadfar coinne a bheith leis go gcomhlíonfaidh táirgí bithicídeacha de chineál táirge 9 ina n-úsáidtear dé-ocsaíd sulfair a scaoiltear ó mheitidhéshuilfít sóidiam na critéir a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, Airteagal 19(1), pointe (b), ar choinníoll go gcomhlíonfar coinníollacha áirithe a bhaineann lena n-úsáid.

(5) Agus an tuairim ón nGníomhaireacht á cur san áireamh, is iomchuí dé-ocsaíd sulfair a scaoiltear ó mheitidhéshuilfít sóidiam a fhormheas mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 9 faoi réir comhlíonadh coinníollacha áirithe.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá dé-ocsaíd sulfair a scaoiltear ó mheitidhéshuilfít sóidiam formheasta mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 9, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

([2]) Tuairim ón gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha maidir leis an iarratas ar an tsubstaint gníomhach dé-ocsaíd sulfair a scaoiltear ó mheitidhéshuilfít sóidiam a fhormheas; Cineál táirge 9; ECHA/BPC/355/2022, arna glacadh an 26 Meán Fómhair 2022.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Iúil 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Gnáthainm	Ainm IUPAC Uimhreacha Aitheantais	Íosmhéid íonachta na substainte gníomhaí ([1])	Dáta formheasa	Dáta éaga an fhormheasa	Cineál táirge	Coinníollacha sonracha
dé-ocsaíd sulfair a scaoiltear ó mheitidhéshuilfít sóidiam	Ainm IUPAC: déshuilfít déshóidiam Uimh. CE: 231-673-0 Uimh. CAS: 7681-57-4	Íonacht íosta na meitidhéshuilfíte sóidiam: 95 % w/w	1 Lúnasa 2023	31 Iúil 2033	9	Tá údarú táirgí bithicídeacha faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas: (1) Sa mheasúnú ar tháirgí tabharfar aird ar leith ar na teagmhálacha, ar na rioscaí agus ar an éifeachtúlacht a bhaineann le haon cheann de na húsáidí a chumhdaítear le hiarratas ar údarú, ar úsáidí iad nár tugadh aghaidh orthu sa mheasúnú riosca ar an tsubstaint ghníomhach ar leibhéal an Aontais; (2) Sa mheasúnú ar tháirgí tabharfar aird ar leith ar na nithe seo a leanas: (a) úsáideoirí gairmiúla; (b) lapadáin.

([1]) Ba í an íonacht a léiríodh sa cholún seo íosmhéid íonachta na substainte gníomhaí a ndearnadh meastóireacht uirthi. Is ceadmhach íonacht na substainte gníomhaí sa táirge a chuirtear ar an margadh a bheith comhionann nó éagsúil léi, má tá sé cruthaithe go bhfuil sí coibhéiseach go teicniúil leis an tsubstaint ghníomhach a ndearnadh meastóireacht uirthi.